IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 636 de 2022

---

AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 6), 2022

I.R. Uimh. 636 de 2022

# AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 6), 2022

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012) (arna oiriúnú leis an Ordú Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú) 2020 (I.R. Uimh. 403 de 2020)) agus an tOrdú Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2020 (I.R. Uimh. 547 de 2020), déanaimse, JACK CHAMBERS, Aire Stáit ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, leis seo an t-ordú seo a leanas:

1. Féadfar an tOrdú um Acht na Gaeltachta, 2012 (Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a Ainmniú) (Uimh. 6), 2022 a ghairm den Ordú seo.

2. Tá an limistéar a shonraítear sa Sceideal ainmnithe mar Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta chun críocha alt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012).

*Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an* 9 *Nollaig*, 2022, *á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

SCEIDEAL

**Limistéar Pleanála Teanga: Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe**

(1) An toghroinn ceantair seo a leanas: Árainn.

Arna thabhairt faoi mo láimh,,
7 Nollaig 2022

JACK CHAMBERS,
Aire Stáit ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta,
Spóirt agus Meán

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN,
CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8,
D08 XAO6

Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD,
KILMAINHAM, DUBLIN 8,
D08 XAO6

Tel: 046 942 3100
E-mail: publications@opw.ie

---

ISBN 978-1-3993-2040-5

9 781399 320405

€ 3.00

(DCHGRPT-17) 85. 2/22. Propylon.